# NA BALCÁIN THIAR

Tá beartas forbartha ag AE chun tacú le lánpháirtiú thíortha na mBalcán Thiar de réir a chéile san Aontas Eorpach. An 1 Iúil 2013, bhí an Chróit ar an gcéad cheann de na seacht dtír le teacht isteach san Aontas, agus tá stádas mar thír is iarrthóir ag an Albáin, an Boisnia agus an Heirseagaivéin, Montainéagró, an Macadóin Thuaidh agus an tSeirbia. Tá tús curtha le hidirbheartaíocht agus caibidlí aontachais le Montainéagró agus leis an tSeirbia, osclaíodh an idirbheartaíocht leis an Albáin agus leis an Macadóin Thuaidh i mí Iúil 2022 agus chuir an Chosaiv a hiarratas isteach ar bhallraíocht AE i mí na Nollag 2022.

## BUNÚS DLÍ

— Teideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE): gníomhaíocht sheachtrach AE;

— Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE): comhaontuithe trádála idirnáisiúnta;

— Airteagal 49 CAE: critéir le haghaidh iarratas agus ballraíochta.

## CUSPÓIRÍ

Tá sé mar aidhm ag AE an tsíocháin, an chobhsaíocht agus an fhorbairt eacnamaíoch a chur chun cinn sna Balcáin Thiar agus ionchas a bheith ann maidir le lánpháirtiú in AE.

## CÚLRA

In 1999, sheol AE an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais (SAP), ar creat é le haghaidh caidreamh idir AE agus tíortha sa réigiún, agus an Comhshocrú Cobhsaíochta, ar tionscnamh níos leithne é lena mbaineann na príomhghníomhaithe idirnáisiúnta uile. Tháinig an Chomhairle um Chomhar Réigiúnach in ionad an Chomhshocraithe Cobhsaíochta in 2008. Ag Comhairle Eorpach 2003 in Thessaloniki, dearbhaíodh arís go raibh gach tír SAP ina hiarrthóir ionchasach ar bhallraíocht AE. Rinneadh an ‘pheirspictíocht Eorpach’ sin a athdhearbhú i straitéis Fheabhra 2018 an Choimisiúin maidir leis na Balcáin Thiar agus sna dearbhuithe a rinneadh tar éis Chruinnithe Mullaigh AE-na mBalcán Thiar as a chéile.

## IONSTRAIMÍ

**A.** An Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais (SAP)

Seoladh SAP in 1999 agus is é atá ann ná an creat straitéiseach a thacaíonn le comhcheangal a dhéanamh de réir a chéile idir tíortha na mBalcán Thiar agus an tAontas Eorpach. Tá sé bunaithe ar chaidreamh conarthach déthaobhach, cúnamh airgeadais, idirphlé polaitiúil, caidreamh trádála agus comhar réigiúnach.

Is i bhfoirm comhaontuithe cobhsaíochta agus comhaontuithe (CCCanna) a bhíonn an caidreamh conarthach. Déantar foráil leis sin maidir le comhar polaitiúil agus eacnamaíoch agus maidir le limistéir shaorthrádála leis na tíortha i dtrácht a bhunú. Bunaithe ar phrionsabail choiteanna dhaonlathacha, ar chearta an duine agus ar an smacht reachta, bunaíonn gach CCC struchtúir bhuana chomhair. Déanann an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais, a thagann le chéile go bliantúil ar leibhéal na n-airí, maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme an chomhaontaithe lena mbaineann. Faigheann sí cúnamh ón gCoiste Cobhsaíochta agus Comhlachais. Ar deireadh, áirithíonn Coiste Parlaiminteach Cobhsaíochta agus Comhlachais (SAPC) comhar idir parlaimintí thíortha na mBalcán Thiar agus Parlaimint na hEorpa.

Ó tháinig CCC i bhfeidhm leis an gCosaiv i mí Aibreáin 2016, tá CCCanna i bhfeidhm anois le tíortha uile na mBalcán ar tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha iad. I gcás na Cosaive, is comhaontú de chuid AE amháin é CCC, comhaontú nach gá do na Ballstáit a dhaingniú (tá cúig Bhallstát ann nach dtugann aitheantas don Chosaiv mar stát neamhspleách). Áirítear gnéithe trádála CCC agus gnéithe de a bhaineann le trádáil i gcomhaontuithe eatramhacha. Go ginearálta, tagann siad sin i bhfeidhm go gasta tar éis iad a bheith sínithe, ó tharla gur inniúlacht eisiach de chuid AE í an trádáil.

**B.** An próiseas aontachais

Ní mór d'iarratasóirí ar bhallraíocht AE critéir pholaitiúla Chóbanhávan a chomhlíonadh (féach an bhileog eolais ar 'Méadú an Aontais' 5.5.1). A luaithe a aithnítear tír mar thír is iarrthóir, téann sí trí na céimeanna éagsúla den phróiseas ar ráta a bhíonn ag brath den chuid is mó ar bhonn a fiúntas féin agus ar an dul chun cinn a dhéanann sí féin.

Ní mór do thír is iarrthóir reachtaíocht uile AE (*an acquis communautaire*) a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm. Tugann an Coimisiún tuairisc ar dhul chun cinn ina thuarascálacha bliantúla tíre. Is í an Chomhairle a dhéanann gach cinneadh tábhachtach, ag gníomhú di d'aontoil, ó thús deireadh na hidirbheartaíochta. Is gá an conradh aontachais a bheith formhuinithe ag an bParlaimint agus ag an gComhairle sula ndéanfaidh gach stát conarthach é a dhaingniú.

Faigheann tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha cúnamh airgeadais chun na hathchóirithe riachtanacha a chur i gcrích. Ó 2007, tá cúnamh réamhaontachais AE á chur ar fáil trí ionstraim aonair aontaithe: an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA).

Féadfaidh an chuid is mó de na tíortha is iarrthóirí agus de na tíortha is iarrthóirí ionchasacha páirt a ghlacadh i gcláir AE.

**C.** An comhar réigiúnach

Tá lánpháirtiú Eorpach agus comhar réigiúnach fite fuaite ina chéile. Tá sé ar cheann de phríomhaidhmeanna SAP tíortha an réigiúin a spreagadh le dul i gcomhar lena chéile ar fud raon leathan réimsí, lena n-áirítear coireanna cogaidh a ionchúiseamh, saincheisteanna teorann, dídeanaithe agus an comhrac i gcoinne na coireachta eagraithe. Tá comhpháirt shonrach den IPA tiomnaithe don chomhar réigiúnach agus do chláir trasteorann.

Tá an Chomhairle um Chomhar Réigiúnach (RCC), atá lonnaithe i Sairéavó, ag oibriú faoi threoir Phróiseas Comhair Oirdheisceart na hEorpa. Tá sé mar aidhm ag RCC tacú leis na spriocanna Eorpacha agus Euro-Atlantacha de chuid a gcomhaltaí neamh-AE, agus comhar a fhorbairt i réimsí amhail forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, fuinneamh agus bonneagar, ceartas agus gnóthaí baile, comhar slándála, forbairt caipitil dhaonna, agus caidreamh parlaiminteach. Tacaíonn agus glacann AE, agus roinnt mhaith Ballstát aonair, páirt in RCC.

Is tionscnamh réigiúnach tábhachtach eile é Comhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa. Ina theannta sin, glacann tíortha de chuid na mBalcán Thiar páirt i roinnt creataí réigiúnacha.

**D.** Taisteal gan víosa

Tugadh cead taisteal gan víosa chuig limistéar Schengen do shaoránaigh iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine (Poblacht na Macadóine Thuaidh anois), do shaoránaigh Mhontainéagró agus do shaoránaigh na Seirbia amhail ó mhí na Nollag 2009, agus do shaoránaigh na hAlbáine agus do shaoránaigh na Boisnia agus na Heirseagaivéine amhail ó Shamhain 2010. I mí Eanáir 2012, seoladh idirphlé leis an gCosaiv maidir le léirscaoileadh víosaí. I mí Iúil 2018, dheimhnigh an Coimisiún go raibh na critéir uile comhlíonta ag an gCosaiv. Tar éis caibidlíocht fhadtréimhseach idirinstitiúideach agus vóta deiridh ó Pharlaimint na hEorpa i mí Aibreáin 2023, beidh na Cosavaigh in ann taisteal gan víosa chuig limistéar Schengen faoi mhí Eanáir 2024 ar a dhéanaí.

## STÁDAS REATHA

**A.** an Albáin

Rinne an Albáin iarratas ar bhallraíocht AE an 28 Aibreán 2009. I mí Dheireadh Fómhair 2013, mhol an Coimisiún go sainráite go ndéanfaí stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht AE a dheonú don Albáin, rud a fuair sí i mí an Mheithimh 2014. I bhfianaise an dul chun cinn atá déanta ag an Albáin, tá sé molta arís agus arís eile ag an gCoimisiún go n-osclófaí idirbheartaíocht aontachais léi. I mí an Mheithimh 2018, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú go bhféadfaí idirbheartaíocht aontachais a oscailt leis an Albáin i mí an Mheithimh 2019, ar choinníoll go gcomhlíonfaí na coinníollacha riachtanacha. I mí an Mhárta 2020, chinn an Chomhairle ar deireadh oscailt na hidirbheartaíochta aontachais a cheadú, go dtí go gcomhlíonfaí sraith coinníollacha. I mí Iúil 2020, rinne an Coimisiún an dréachtchreat idirbheartaíochta – arb é an chéad cheann ina gcuirtear san áireamh ‘an mhodheolaíocht athbhreithnithe le

haghaidh méadú go dtí na Balcáin Thiar' é agus a foilsíodh i mí Feabhra 2020 – a chur faoi bhráid na mBallstát. Cuireadh tús go foirmiúil le hidirbheartaíocht aontachais leis an Albáin agus leis an Macadóin Thuaidh – ar pléadh leo go comhpháirteach mar gheall ar mholadh dearfach comhroinnte ón gCoimisiún – i mí Iúil 2022 tar éis moilleanna fada a tharla go príomha mar gheall ar shaincheisteanna a bhain le féiniúlacht, teanga agus stair idir an Mhacadóin Thuaidh agus an Bhulgáir.

**B.** an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin

Rinneadh CCC leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin (BiH) a idirbheartú agus a shíniú cheana féin i mí an Mheithimh 2008, ach cuireadh stop lena theacht i bhfeidhm, go príomha mar gheall nach ndearna an tír rialú lárnach ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine a chur chun feidhme. Le 'cur chuige athnuaite' an Aontais maidir leis an tír, cur chuige lenar díríodh níos mó ar rialachas eacnamaíoch, bhíothas in ann CCC a thabhairt i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2015, a rabhthas ag feitheamh air le fada an lá. Thíolaic an tír a hiarratas ballraíochta an 15 Feabhra 2016. I mBealtaine 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún a thuairim, lena n-áirítear liosta de 14 phríomhthosaíocht a bhí le comhlíonadh ag BiH sula n-osclófaí an idirbheartaíocht aontachais. Áirítear ar na príomhthosaíochtaí sin feidhmiú cuí an Choiste Pharlaimintigh Cobhsaíochta agus Comhlachais (SAPC), arb é an ghné pharlaiminteach de CCC é, a áirithiú (príomhthosaíocht 3). An 30 agus 31 Deireadh Fómhair 2023, beagnach ocht mbliana tar éis an chéad chruinniú de SAPC i Samhain 2015 ar theip air, reáchtáladh tríú cruinniú iomlán de SAPC AE-BiH go rathúil i Sairéavó. Mar gheall air sin shocraigh an Coimisiún ina thuarascáil tíre 2023 ar BiH gur comhlíonadh príomhthosaíocht 3.Tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus tar éis don Aontas a chinneadh i Meitheamh 2022 stádas mar thír is iarrthóir a thabhairt don Mholdóiv agus don Úcráin, chinn an Chomhairle Eorpach freisin stádas mar thír is iarrthóir a dheonú do BiH i mí na Nollag 2022. An 8 Samhain 2023, mhol an Coimisiún go n-osclófaí caibidlíocht aontachais AE le BiH 'a luaithe a bheidh an leibhéal riachtanach de chomhlíonadh na gcritéar ballraíochta bainte amach'.

**C.** Poblacht na Macadóine Thuaidh

Rinne Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine (Poblacht na Macadóine Thuaidh anois) iarratas ar bhallraíocht AE a chur isteach i mí an Mhárta 2004 agus tugadh stádas tír is iarrthóir AE di i mí na Nollag 2005. Mar sin féin, ní raibh an tír in ann tús a chur le hidirbheartaíocht aontachais le blianta fada anuas, go príomha mar gheall ar an díospóid leis an nGréig maidir leis an úsáid a bhain sí as an ainm 'an Mhacadóin'. Thángthas ar réiteach ar an díospóid sin maidir le hainm nua na tíre – Poblacht na Macadóine Thuaidh (nó go díreach an Mhacadóin Thuaidh mar ainm gearr) – trí 'Chomhaontú Prespa', a tháinig i bhfeidhm i mí Feabhra 2019. Ó 2009 i leith, le tacaíocht bhuanseasmhach ó Pharlaimint na hEorpa, tá sé á mholadh ag an gCoimisiún go n-osclófaí idirbheartaíocht aontachais. I mí an Mheithimh 2018, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú go bhféadfaí idirbheartaíocht aontachais a oscailt leis an Macadóin Thuaidh i mí an Mheithimh 2019, ar choinníoll go gcomhlíonfaí na coinníollacha is gá. I mí an Mhárta 2020, chinn an Chomhairle ar deireadh oscailt na hidirbheartaíochta aontachais a cheadú, gan aon choinníollacha eile a leagan síos. I mí Iúil 2020, rinne an Coimisiún an dréachtchreat idirbheartaíochta a chur faoi bhráid na mBallstát agus ba é an chéad cheann a chuir 'an mhodheolaíocht athbhreithnithe

le haghaidh méadú go dtí na Balcáin Thiar' san áireamh é. Cuireadh tús go foirmiúil le caibidlíocht aontachais leis an Macadóin Thuaidh agus leis an Albáin – ar pléadh leo go comhpháirteach mar gheall ar mholadh dearfach comhroinnte ón gCoimisiún – i mí Iúil 2022 tar éis moilleanna fada a tharla go príomha mar gheall ar shaincheisteanna a bhain le féiniúlacht, teanga agus stair idir an Mhacadóin Thuaidh agus an Bhulgáir.

**D.** an Chosaiv

Is iarrthóir ionchasach ar aontachas AE í an Chosaiv. Dhearbhaigh an Chosaiv a neamhspleáchas go haontaobhach i mí Feabhra 2008. Níl aitheantas tugtha do neamhspleáchas na Cosaive ag cúig Bhallstát AE (an Chipir, an Ghréig, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Spáinn) agus ag dhá thír sa réigiún (an tSeirbia agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin). I mí Iúil 2018, sé bliana tar éis treochlár um léirscaoileadh víosaí a bheith eisithe, dheimhnigh an Coimisiún go raibh na critéir ar fad comhlíonta ag an gCosaiv. Tar éis caibidlíocht fhadtréimhseach idirinstitiúideach agus vóta deiridh ó Pharlaimint na hEorpa i mí Aibreáin 2023, beidh na Cosavaigh in ann taisteal gan víosa chuig limistéar Schengen faoi mhí Eanáir 2024 ar a dhéanaí. Tar éis do Bhéalgrád agus do Phristine teacht ar chomhaontú cinniúnach maidir le caidreamh a normalú ('Comhaontú na Bruiséile') i mí Aibreáin 2013, chinn an Chomhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2013 idirbheartaíocht maidir le CCC a thionscnamh leis an gCosaiv, ar CCC é a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreáin 2016. Maidir le lánpháirtiú na Cosaive in AE amach anseo – dála lánpháirtiú na Seirbia in AE-tá dlúthbhaint aige leis an idirphlé arna éascú ag AE idir an Chosaiv agus an tSeirbia, rud ar cheart go mbeadh sé mar thoradh air go dtiocfadh ann do chomhaontú cuimsitheach normalaithe a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí de. Tá an Chosaiv (cosúil leis an tSeirbia) fós le tosú ar a hoibleagáidí a chur chun feidhme a eascraíonn as comhaontú athchóirithe go luath in 2023 a bhfuil sé i gceist an t-idirphlé a athbhunú.

**E.** Montainéagró

Rinne Montainéagró, tír a fuair a neamhspleáchas in 2006, iarratas ar bhallraíocht AE i mí na Nollag 2008. Tugadh stádas tír is iarrthóir don tír i mí na Nollag 2010 agus cuireadh tús le hidirbheartaíocht aontachais i mí an Mheithimh 2012. I gcomhréir le 'cur chuige nua' an Aontais maidir leis an bpróiseas aontachais, rinneadh na caibidlí ríthábhachtacha faoin smacht reachta – Caibidil 23 maidir le hathchóiriú breithiúnach agus cearta bunúsacha agus Caibidil 24 maidir le saoirse, slándáil agus ceartas – a oscailt ag céim luath san idirbheartaíocht, i mí na Nollag 2013. Go dtí seo, osclaíodh gach ceann de na 33 chaibidil idirbheartaíochta scagtha, agus níor dúnadh ach trí chaibidil díobh sin ar bhonn sealadach. Osclaíodh an phríomhchaibidil dheireanach a bhí fágtha (maidir le beartas iomaíochta) i mí an Mheithimh 2020. De bharr suaitheadh agus éagobhsaíocht pholaitiúil i Montainéagró, áfach, cuireadh stop le próiseas lánpháirtithe AE le blianta beaga anuas.

**F.** an tSeirbia

Chuir an tSeirbia a hiarratas isteach ar bhallraíocht AE i mí na Nollag 2009 agus deonaíodh stádas tír is iarrthóir di i mí an Mhárta 2012 tar éis do Bhéalgrád agus do Phristine teacht ar chomhaontú maidir le hionadaíocht réigiúnach na Cosaive. Cuireadh tús foirmiúil leis an idirbheartaíocht aontachais an 21 Eanáir 2014. Cuireadh tús i mí na Nollag 2015 leis an gcéad dá chaibidil, lena n-áirítear an ceann sin maidir le

caidreamh leis an gCosaiv a normalú. Osclaíodh na príomhchaibidlí maidir leis an smacht reachta, Caibidlí 23 agus 24, an 18 Iúil 2016. Go dtí seo, osclaíodh 22 as 35 chaibidil idirbheartaíochta, agus dúnadh dhá cheann díobh ar bhonn sealadach. Osclaíodh na ceithre chaibidil arb ionann iad agus 'Braisle a Ceathair' – ar an gclár oibre glas agus ar an nascacht inbhuanaithe – i mí na Nollag 2021, tar éis tréimhse dhá bhliain nár osclaíodh aon chaibidlí nua lena linn. Níor osclaíodh aon chaibidlí ná cnuasaigh nua ó shin i leith. Maidir le lánpháirtiú na Seirbia in AE amach anseo – dála lánpháirtiú na Cosaive in AE-tá dlúthbhaint aige leis an idirphlé arna éascú ag AE idir an tSeirbia agus an Chosaiv, rud ar cheart go mbeadh sé mar thoradh air go dtiocfadh ann do chomhaontú cuimsitheach ar normalú a gcaidrimh a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí de. Tá an tSeirbia (cosúil leis an Chosaiv) fós le tosú ar a hoibleagáidí a chur chun feidhme a eascraíonn as comhaontú athchóirithe go luath in 2023 a bhfuil sé i gceist an t-idirphlé a athbhunú.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá an Pharlaimint rannpháirteach go hiomlán in SAP agus tá a toiliú ag teastáil le haghaidh thabhairt i gcrích gach CCC (Airteagal 218(6) CFAE). Ní mór di toiliú a thabhairt freisin d'aon aontachas nua leis an Aontas (Airteagal 49 CAE). Sa bhreis air sin, trína cumhachtaí buiséadacha, tá tionchar díreach aici ar na méideanna a leithdháiltear ar IPA. Déanann Coiste na Parlaiminte um Ghnóthaí Eachtracha rapóirtéirí buana a cheapadh do na tíortha uile is iarrthóirí agus do na tíortha uile is iarrthóirí ionchasacha. Déanann an Pharlaimint a seasaimh maidir le méadú a chur in iúl i bhfoirm rún bliantúil mar fhreagairt ar na tuarascálacha bliantúla tíre is déanaí ón gCoimisiún. I mí an Mheithimh 2020, tar éis Chruinniú Mullaigh Shágraib idir AE agus na Balcáin Thiar (a reáchtáladh ar líne), d'eisigh an Pharlaimint sraith moltaí freisin maidir leis na Balcáin Thiar. An 23 Samhain 2022, ghlac sí moltaí breise maidir le straitéis nua AE don mhéadú. Coinníonn an Pharlaimint caidreamh déthaobhach rialta ar siúl le parlaimintí thíortha na mBalcán Thiar trína toscaireachtaí, a bhuaileann go rialta lena gcontrapháirtithe ó na Balcáin Thiar chun saincheisteanna atá ábhartha maidir le CCCanna agus próisis aontachais AE a phlé, faoi dhó sa bhliain ar an meán. Arna iarraidh sin di, faireann an Pharlaimint ar fhormhór na dtoghchán sna Balcáin Thiar agus tá amhlaidh déanta aici cheana féin i dtíortha uile na mBalcán Thiar. Tá sraith gníomhaíochtaí agus clár forbartha aige freisin maidir le daonlathas parlaiminteach agus fothú acmhainneachta atá saincheaptha do riachtanais pharlaimintí comhpháirtíochta na mBalcán Thiar. Sa Mhacadóin Thuaidh agus sa tSeirbia, tá comhcheangal idir páirtithe polaitiúla á éascú ag an bParlaimint freisin.

André De Munter
11/2023